

The background of the cover is a composite image. In the upper left, a dark green military helicopter with the number '278' on its side is shown in flight. In the lower left, a soldier in full combat gear, including a helmet and camouflage uniform, is holding an assault rifle. In the background, a large white naval ship with the hull number 'P63' is visible on the water.

ÓDF

Ombudsman
d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil
2025



Clár na nÁbhar

Gluais Téarmaí agus Giorrúcháin a úsáidtear sa Tuarascáil	3
Cairt Chustaiméirí Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	5
Réamhrá do Thuarascáil Bhliantúil OÓÉ 2025	6
Mar a sheolann OÓÉ Imscrúdú	8
Anailís ar Ghearáin agus Imscrúdú in 2025	12
Achoimre ar Chásanna Ó 2025 i leith	16
Gnóthaí Corparáideacha	26
Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais	26
Cosaint Sonraí	26
Comhairle Bharra na hÉireann	29
Sláinte & Sábháilteacht	29
Saoráil Faisnéise	29
Cosaint Sonraí agus Iarratais ar Shaoráil Faisnéise	30
An Ghaeilge	31
Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide	32
AN tACHT OMBUDSMAN (ÓGLAIGH NA hÉIREANN) 2004	35
Nochtadh Cosanta (Leasú ar Acht 2004)	52

Ba mhaith leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabháil le Preasoifig Óglaigh na hÉireann as úsáid na ngrianghraf atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



Gluais Téarmaí agus Giorrúcháin a úsáidtear sa Tuarascáil

ODF	Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
DF	Óglaigh na hÉireann
AC	An tAerchór
Bde	Briogáid
Bn	Cathlán
COMO	Oifigigh Choimisiúnaithe Oifig Bainistíochta
COS	Ceann Foirne
Coy Comdr	Ceannasaí Complachta
DCOS (Sp)	Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht
DFHQ	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann
DFR	Rialachán d'Óglaigh na hÉireann
DFTC	Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann
EPMO	Oifig Bainistíochta Pearsanra Liostaithe
FOCNS	Oifigeach Bratach i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh
GMO	Oifig Bainistíochta Casaoidí
GOC	Oifigeach Ginearálta i gCeannas
IO/MIO	Oifigeach Imscrúdaithe Míleata
MO	Oifigeach Leighis
NCO	Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe
NS	An tSeirbhís Chabhlaigh
OC	Oifigeach i gCeannas
OOM	Liosta Ord Fiúntais
PDF	Buanfhórsa Cosanta
PDFORRA + RACO	Cumainn Ionadaíochta do Phearsanra ar Fónamh
PO	Mionoifigeach (An tSeirbhís Chabhlaigh)
RDF/FCA	Óglaigh Cúltaca
Moltaí	Moltaí curtha faoi bhráid an Aire Cosanta mar a fhoráiltear in Alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004
RO	Gnáthorduithe
ROW	Sásamh in Éagóra
Tech	Teicneoir
Unit Comdr	Ceannasaí Aonaid



Cairt Chustaiméirí Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Bunaíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le dlí chun próiseas achomhairc neamhspleách reachtúil a sholáthar trína bhféadfadh comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, a bhfuil gearán próiseáilte acu tríd an gCóras um Shásamh Éagóracha, ach atá fós míshásta leis an toradh, a gcasaid a tharchur chuig an Ombudsman le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh uirthi. Glacann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann freisin le gearáin a dhéanann baill reatha agus iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann go díreach, faoi réir coinníollacha áirithe.

De bhun ailt 4 agus 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, féadfaidh an tOmbudsman, le heisceachtaí áirithe, gníomh a rinne comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach de chuid na Roinne Cosanta, a imscrúdú, cé acu

- (a) go ndearnadh, nó go bhféadfaidh sé go ndearnadh, dochar do ghearánach, mar rud é
- (b) go raibh nó go bhféadfaidh gur tógadh an gníomh –
 - (i) gan údarás cuí,
 - (ii) ar fhorais nach mbaineann le hábhar,
 - (iii) mar thoradh ar fhaillí nó míchúram,
 - (iv) go bhfuil an gníomh bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán,
 - (v) idirdhealaitheach go míchuí,
 - (vi) míréasúnta, d'ainneoin an chomhthéacs mhíleata atá i gceist,
 - (vii) go bhfuil an gníomh bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe, nó
 - (viii) go bhfuil an gníomh contrártha ar shlí eile do riaracháin cóir nó fóna,
- (c) nár eisíodh an t-ordú mar chuid d'oibríocht mhíleata, agus
- (d) i gcás comhalta ar fónamh d'Óglaigh na hÉireann, ní dócha go réiteofar an cheist, agus sáraíodh tréimhse 28 lá ó rinneadh an gearán faoi Alt 114 den Acht 1954.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le pionósú toisc go ndearnadh Nochtadh Cosanta (Alt 20, an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014).

Fóráiltear in Alt 6(3) den Acht go bhfuil teorainneacha ama ann chun gearáin a chur in iúl don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mar seo a leanas: -

- (3) Déanfaidh gearánach gearán dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) tráth nach déanaí ná 12 mí ó –
 - (a) dháta na gníomhartha lena mbaineann, nó
 - (b) ón dáta a tháinig an gearánach ar an eolas faoin gcaingean, cibé acu is déanaí.

Déanann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann iarracht bealach cóir, soláimhsithe agus inrochtana a chur ar fáil chun cásanna a bhreithniú.

1 Réamhrá:

Bliain dhá leath ab ea 2025 sa mhéid a bhain le líon na n-atreoraithe gearán. Cé gurbh é 52, líon iomlán na n-atreoruithe gearán chuig m’oifig, bhí líon na n-atreoraithe sách íseal i míonna tosaigh na bliana, agus sách ard sa dara leath den bhliain. Lean an borradh seo faoi atreoruithe gearán nua ar aghaidh go dtí an chéad chúpla mí de 2026.

In 2024, cuireadh thart ar 80% d’atreoruithe gearán chuig m’oifig ar aghaidh go díreach, seachas gearáin a d’eascair ó phróiseas imscrúdaithe inmheánaigh Óglaigh na hÉireann (Alt 114/A7 Caibidil. 2 gearáin). Sa bhliain seo, 2025, tháinig méadú ar ghearáin a atreoraíodh go díreach go dtí os cionn 90% d’iomlán na n-atreoruithe gearán go léir. Nuair a bhreithnítear na céatadáin seo i gcoinne cúlra gearán a atreoraíodh go díreach ina gcuimsítear 50% den iomlán in 2023, 30% in 2022 agus 7% in 2021, is léir go bhfuil an rogha gearáin a tharchur go díreach chuig m’oifig lena n-imscrúdú ar eolas go forleathan laistigh d’Óglaigh na hÉireann anois, agus gurb é an rogha is fearr leo siúd atá ag lorg seirbhísí m’oifige.

Cuireann m’oifig comhairle ar fáil maidir le roghanna atreoraithe gearán, agus tá saoráid Foirm Ghearáin Ar Líne ar a láithreán gréasáin (www.odf.ie). Bíonn foireann m’oifige ar fáil i gcónaí chun cabhrú le gearánaigh má dhéantar teagmháil leo ar an teileafón, trí ríomhphost nó tríd an bpost.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí éagsúlacht mhór ag baint le hábhar na ngearán a cuireadh faoi bhráid m’oifige. Cé go mbaineann na catagóirí gearáin is mó le roghnú cúrsaí agus ardú céime (thart ar 34% den iomlán), bhain gearáin eile le go leor saincheisteanna éagsúla. Bhain dhá ghearán le roghnú thar lear, agus níor bhain ach 8 ngearán le saincheisteanna de chineál idirphearsanta, lena n-áirítear bulaíocht. Líomhnaíodh bulaíocht i dtrí cinn den 52 atreorú gearán in 2025. Tá an líon réasúnta beag gearán seo de chineál idirphearsanta measartha comhsheasmhach le blianta roimhe seo. Tá cúis fhéideartha amháin, creidim, leis an líon íseal gearán faoin gcineál bulaíochta a cuireadh faoi bhráid m’oifige, ar dea-scéal é, más cruinn; is é nach bhfuil an bhulaíocht chomh mór sin ina fadhb anois in Óglaigh na hÉireann, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin agus sa chás go bhfuil sí ann go bhfuiltear ag déileáil léi níos rathúla ag leibhéal an Aonaid mar gheall ar fheasacht níos mó i gcoitinne ar a neamh-inghlacthacht laistigh d’Óglaigh na hÉireann. Is dócha go bhfuil pictiúr níos cruinne de fhíorleibhéal na ngearán bulaíochta ar eolas ag oifig an Bhainisteora Gearáin Eatramhaigh (IGM) tar éis an “*iompair idirphearsanta*” neamhreachtúla a tugadh isteach le déanaí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna.



Mar a tugadh faoi deara sa Tuarascáil Bhliantúil do 2024, bhí atreoruithe gearán ó Oifigigh Choimisiúnta ardaithe, go neamhghnách, go 47% de na hatreoruithe go léir sa bhliain sin. In 2025, áfach, thit na gearáin ó Oifigigh Choimisiúnta siar go dtí thart ar 15% den iomlán, céatadán a bhí níos gaire don ‘norm’ sna blianta roimhe sin. (Mar shampla, in 2023 bhí an céatadán thart ar 5%).

In 2024 bhí miondealú na ngearán don Arm, don Aerchór agus don tSeirbhís Chabhlaigh, faoi seach, 55%, 34% agus 8%. I gcomparáid leis sin, b’ionann figiúirí 2025 arís faoi seach, agus 25%, 65% agus 10%. Ba iad seo a leanas na Tuarascálacha Imscrúdaithe a eisíodh in 2025: An tArm, 11, Aerchór 19 agus an tSeirbhís Chabhlaigh 1.

Ba as mná iad 4.5% de na gearánaigh in 2025 (is mná iad thart ar 7.5% de phearsanra Óglaigh na hÉireann).

Cuirim mo bhuíochas in iúl do gach duine a chabhraigh le hobair m’oifige i rith 2025, lena n-áirítear (go háirithe) mo fhoireann, David O’Connor, Lorraine O’Dwyer agus John Sheridan ar chuidigh a ndúthracht agus a chuid oibre crua le caighdeán ard seirbhíse a chothabháil agus a chur ar fáil le héifeachtúlacht do phearsanra Óglaigh na hÉireann sin (ar fónamh agus ar scor) a chuir a ngearáin ar aghaidh chuig m’oifig, agus freisin chuig an Aire Cosanta, chuig Ard-Rúnaí Roinn Óglaigh na hÉireann, Jacqui McCrum, agus chuig a foireann. Mo bhuíochas freisin leis an COS, an Lt-Ghinearál Rossa Mucahy agus fir agus mná Óglaigh na hÉireann. Focal speisialta buíochais d’fhoireann Oifig Bainistíochta Gearán Óglaigh na hÉireann, atá lonnaithe i nDroichead Nua, a thug go leor cúnamh agus eolais do m’oifig ar bhonn beagnach laethúil.



Alan Mahon
Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann
31 Márta 2026



Cé go mbaineann na catagóirí gearáin is mó le roghnú cúrsaí agus ardú céime (thart ar 34% den iomlán), bhain gearáin eile le go leor saincheistanna éagsúla.

2 Mar a sheolann OÓÉ Imscrúdú

1. Ní mar a chéile aon dá chás. Mar sin seoltar gach imscrúdú ar bhealach a bhaineann le fíricí an ghearáin sin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí imscrúdú atá críochnúil, cothrom agus éifeachtúil. Ní mór formhór na ngearán a fhiosrú go tapa ar mhaithe le cothromas, agus má tá éifeacht phraiticiúil le brath ó na moltaí a thugtar. Is gnách go mbíonn formhór na ngearán práinneach. Go minic, críochnaítear fiosrúchán agus eisítear Tuarascáil laistigh de sheachtainí ó dháta an atreoraithe. Má thógann sé níos mó ama, is de bharr moille a bhí ann eolas nó doiciméid a sholáthar. Is gnách go dtógann gearáin a atreoraítear go díreach beagán níos faide ná na gearáin sin a ndearnadh imscrúdú orthu go páirteach nó go hiomlán cheana féin faoi phróiseas Alt 114/Caibidil a Dó, toisc go bhfaigheann m'óifig comhad imscrúdaithe iomlán an OÉ leis an gcineál atreoraithe deiridh sin, agus a sholáthraíonn go leor faisnéise láithreach a bhaineann leis an ngearán go ginearálta.
2. Tá an OÓÉ neamhspleách ar Óglaigh na hÉireann agus ar an Aire/Roinn Cosanta araon. Leagtar an neamhspleáchas seo síos go sonrach agus go soiléir i bhforálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.
3. Ar dtús, agus atreorú á mheas aige, ní mór don OÓÉ cinneadh a dhéanamh an bhfuil dlínse aige ar an gcás nó nach bhfuil. Tá srianta ar dhlínse san Acht 2004, lena n-áirítear tréimhse theoranta chun atreorú a dhéanamh. Fóráiltear in Alt 6 (3) den Acht 2004, go bhfuil 12 mhí ag gearánach chun gearán a chur ar aghaidh chuig an OÓÉ ach ní bhaineann aon teorainn ama le gearán a chur faoi bhráid Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdaithe inmheánaigh. Tosaíonn an tréimhse theoranta 12 mhí ar an dáta ar ar tharla an chúis ghearáin, nó ar an dáta ar tháinig an gearánach ar an eolas faoi, cibé acu is déanaí.

Níl aon discríd ag OÓÉ cur leis na tréimhsí teorainneacha seo.
4. Cuireann an OÓÉ comhad imscrúdaithe le chéile, lena n-áirítear sonraí an ghearáin, ráitis, lena n-áirítear ráitis finné, agus doiciméid ábhartha (DFRanna agus teoracha Riaracháin san áireamh). De ghnáth, iarrann an OÓÉ ar ÓÉ, nó ar phearsanra aitheanta ÓÉ a sheasamh a lua maidir le liomhaintí áirithe agus iarrfaidh sé doiciméid chuig Óglaigh na hÉireann, más cuí, ón Roinn. Cuirtear doiciméid ábhartha ar fáil don OÓÉ a bhaineann le himscrúdú inmheánach an OÓÉ (má rinneadh a leithéid d'imscrúdú), lena n-áirítear cóipeanna de Thuarascálacha agus de Rialuithe déanta ag an Oifigeach Imscrúdaithe Míleata (MIO), ag an Oifigeach Ginearálta i gCeannas (GOC) agus ag an gCeann Foirne (COS).

Go ginearálta, iarrann agus faigheann an OÓÉ eolas agus doiciméid ábhartha tríd an Oifig Bainistíochta Casaoide (GMO), agus is mór an chabhair iad i gcónaí. Nuair a líomhnaítear gur tharla éagóir phearsanta, is gnách an duine sin a chur ar an eolas agus deis a thabhairt dó/di freagairt ar an líomhain, agus aighneachtaí a dhéanamh sa chás go mbeartaítear cinneadh contrártha a dhéanamh i gcoinne an duine.
5. Cé go ndéantar an chuid is mó d'imscrúduithe OÓÉ gan gá le gearánach a chur faoi agallamh go pearsanta, déanann an OÓÉ, ó am go chéile, gearánaigh a chur faoi agallamh, agus b'fhéidir finnéithe freisin.
6. Nuair a chríochnaíonn an OÓÉ imscrúdú, eisíonn sé Tuarascáil ina mbeidh a chuid cinntí agus moltaí, más cuí. Cuirtear na moltaí faoi bhráid an Aire Cosanta In am agus i dtráth, admhaíonn an tAire go bhfuarthas an Tuarascáil agus cuireann sé in iúl don OÓÉ go nglacann sé le Moladh nó go ndiúltaíonn sé dó. Go praiticiúil, go dtí seo, ghlac an tAire le formhór mór na Moltaí a rinne an OÓÉ.

Cé ar féidir leis gearán a atreorú chuig OÓÉ

- San Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 líostaítear na catagóirí gearán ar féidir a atreorú chuig an OÓÉ. Ní féidir ach le comhaltaí reatha nó iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearán a atreorú chuig an OÓÉ. Is féidir le comhaltaí ar seirbhís úsáid a bhaint as an bpróiseas imscrúdaithe inmheánach atá ag Óglaigh na hÉireann (Alt 114 den Acht Cosanta 1954, Leasú) agus mura bhfuil siad sásta le toradh an phróisis sin, is féidir leo an gearán a tharchur chuig an OÓÉ nó a mhalairt air sin, é a chur chuig an OÓÉ go díreach. Ní mór a rá freisin gur féidir gearán a bhaineann le bulaíocht (nó fadhbanna idirphearsanta eile) a atreorú go díreach chuig OÓÉ.

Ní mór d'iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearán a chur ar aghaidh go díreach chuig OÓÉ.

Is féidir leis an OÓÉ pionósú líomhnaithe tar éis do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann Nochtadh Cosanta a chur isteach a imscrúdú freisin, tar éis achtú an Achta um Nochtadh Cosanta 2014. (Alt 20).

Cé a fhaigheann Tuarascáil OÓÉ?

- Go ginearálta, is iad príomhfhaighteoirí Thuarascáil imscrúdaithe ón OÓÉ ná an gearánach agus an tAire Cosanta. Tugtar cóip freisin don Cheann Foirne, do OGC an ghearánaigh mar aon leis an OBS. Seachas sin, tá an Tuarascáil faoi rún. Cuirtear an cinneadh in iúl do dhuine a ndéantar cinneadh neamhfhabhrach ina choinne mar aon leis an gcuid den Tuarascáil a bhaineann le hábhar.

Achomharc

- Níl aon phróiseas achomhairc ar fáil do ghearánach nuair a fhaightear Tuarascáil ón OÓÉ.
- Ó thaobh na praiticúlachta de, áfach, déanfaidh an OÓÉ athbhreithniú ar a Thuarascáil, agus má fhaightear aighneacht scríofa ó ghearánach nó ó pháirtí leasmhar eile, déanfaidh sé an Tuarascáil a leasú nó a athrú, más cuí. Tarlaíonn sé seo ó am go ham sa chás go soláthraítear eolas nua don OÓÉ, nó más amhlaidh go bhfuarthas earráidí nó botúin sa Tuarascáil.

Rúndacht

- Tá obair an OÓÉ agus a oifig faoi réir Chód rúndachta a chloítear go docht, mar a fhoráiltear in Alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004.

Neamhspleáchas an OÓÉ

- Tá an OÓÉ neamhspleách ar Óglaigh na hÉireann agus ar an Roinn Cosanta. Fóráiltear in Alt 4(1) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 an méid a leanas: -

“Beidh an tOmbudsman neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus beidh aird chuí aige i gcónaí ar cheanglais oibríochtúla Óglaigh na hÉireann.”





Plean Straitéiseach OÓÉ um Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 2025-2028

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Acht 2014) deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna bhaill an phobail agus na foirne a chosaint. Tá OÓÉ tiomanta do mheas a léiriú ar an dualgas seo agus é a chur chun cinn.

Tá próiseas trí chéim ann nach mór do chomhlachtaí poiblí a ghlacadh chun Alt 42 d'Acht 2014 a chomhlíonadh. Ní mór do chomhlacht poiblí measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna cearta an duine a bhaineann lena fheidhmeanna agus lena chuspóir. Ní mór pleananna, beartais agus gníomhartha a shainaithint ansin agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a leagadh amach roimhe seo. Ar deireadh ní mór don chomhlacht poiblí tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn na ngníomhartha seo ina Thuarascáil bhliantúil.

Measúnú/ Pleananna

1. Tá a fhios ag OÓÉ go mbeidh baill den phobal ag súil go gcomhlíonfaidh an eagraíocht Alt 42 d'Acht 2014. Chun a chinntiú go bhféadfar leanúint de chearta daonna an phobail mar aon leis an bhfoireann a chosaint, beidh foireann OÓÉ ag tabhairt faoi Chúrsa Foghlama um Chearta an Duine de chuid an IHREC chun caighdeán seachadta seirbhíse a choinneáil i gcomhréir le

hAcht 2014 agus lena chinntiú chomh maith go seasfar lena gcearta.

2. Féadfaidh gearánaigh de chuid an OÓÉ ar uairibh, sárú ar a gcearta daonna a líomhain, nó a chur in iúl ar shlí eile go bhféadfaí na cearta sin a shárú. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go léireodh sonraí gearáin sárúithe féideartha ar chearta an duine. Tugann OÓÉ faoi imscrúduithe a thugann aird iomlán ar cheisteanna a bhaineann le cearta daonna gearánaithe. Bíonn imscrúduithe OÓÉ neamhspleách agus neamhchlaonta i gcónaí.
3. Beidh foireann OÓÉ á threorú ag an Lámhleabhar um Chearta an Duine arna chur le chéile ag Ombudsman Sheirbhísí Poiblí Thuaisceart Éireann agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine arna thacú ag an Institiúid Idirnáisiúnta Ombudsman chun cabhrú tuilleadh leis an tiomantas don dualgas deireadh a chur le hidirdhealú agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.
4. Leanfaidh OÓÉ ar aghaidh lena gnó agus cearta daonna á gcomhlíonadh i ngach gníomh a dhéanann an eagraíocht, chomh maith le féachaint ar na Forais Chosanta mar a aimsítear sna hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 (arna leasú) iad, lena chinntiú go bhfuil comhionannas agus cuimsiú á gcur chun cinn.



Beidh foireann an ODF treoraithe ag an Lámhleabhar um Chearta an Duine atá ullmhaithe i gcomhpháirt ag Ombudsman Sheirbhísí Poiblí Thuaisceart Éireann agus Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann, agus iad tacaíthe ag Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman.

Anailís ar Ghearáin agus Imscrúdú in 2025

1. Fuarthas 44 Fógra Gearáin* (NOC) le próiseas inmheánach bainistíochta casaoide Óglaigh na hÉireann in 2025. Méadú suntasach ab ea é sin ar na 18 bhfógra gearáin a fuarthas in 2024.

Tarraingíodh siar 20 fógra gearáin a cuireadh isteach in 2025 ina dhiaidh sin.

*Gintear Fógra Gearáin ag an am a chuirtear an gearán faoi bhráid Óglaigh na hÉireann i dtosach agus cuirtear cóip ar aghaidh chuig an OÓÉ. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil an gearán á atreorú chuig OÓÉ. Ní chuirfidh OÓÉ tús le himscrúdú más amhlaidh nach réitítear an gearán (nó má tharraingítear siar é) le linn an imscrúdaithe inmheánaigh atá ar siúl laistigh d'Óglaigh na hÉireann agus má iarrann the gearánach go gcuirtear ar aghaidh é chuig OÓÉ. I bhformhór na gcásanna, ní dhéanann OÓÉ imscrúdú ar Fhógraí Gearáin.

2. As na 44 bhFógra Gearáin a fuarthas, bhain 12 le Saighdiúirí Singile (nó céim chomhionann) agus le hOifigigh Neamhchoimisiúnaithe, agus bhain 10 cinn le hOifigigh.
3. Cuireadh 45 cás ar aghaidh go díreach chuig OÓÉ le haghaidh Imscrúdaithe. Is féidir le Comhaltaí ar Seirbhís agus le Comhaltaí ar Scor Atreorú Díreach a dhéanamh. Is féidir le Comhaltaí ar Seirbhís Atreorú Díreach a dhéanamh mura mian leo, ar chúiseanna éagsúla, úsáid a bhaint as an bpróiseas Imscrúdaithe Inmheánaigh laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Ní féidir le Comhaltaí Ar Scor ach Atreoruithe Díreacha a dhéanamh chuig an OÓÉ lena n-imscrúdú. As na 45 Atreorú Díreach a rinneadh don OÓÉ, tháinig 6 cinn ó Chomhaltaí ar Scor agus 39 ó Chomhaltaí ar Seirbhís.

4. Eisíodh 32 Tuarascáil in 2025. Is laghdú beag é seo ar an 37 Tuarascáil a eisíodh in 2024
5. Leagtar amach sna táblaí seo a leanas cineál na ngearán a imscrúdaigh an OÓÉ in 2025.

- Ba cheart a thabhairt faoi deara go gclúdaíonn gearáin a rangáítear mar 'Mhíriarachán', saincheisteanna éagsúla lena n-áirítear gearáin maidir le measúnú feidhmíochta agus saincheisteanna a bhaineann le hurscaoileadh agus saincheisteanna nach iad.
- Áirítear le gearáin a rangáítear mar 'Shaincheisteanna Idirphearsanta' iad siúd ina ndealraíonn sé go bhfuil gnéithe de choimhlint phearsantachta nó deacracht idirphearsanta, d'fhéadfadh líomhaintí maidir le hiompar míchuí, bulaíocht nó eisiámh a bheith san áireamh iontu.

Cásanna faoi Imscrúdú in 2025

Bhí 58 cás faoi Imscrúdú le linn 2025, lena n-áirítear 6 chás a tugadh anonn ó 2024.

- (I) Críochnaíodh 32 le Tuarascálacha á n-eisiúint.
- (II) Dúnadh cás amháin toisc gur réitíodh an gearán go gairid tar éis tús a chur lena imscrúdú.
- (III) Chuir an gearánach 1 chás ar sos é agus tuilleadh forbairtí ar feitheamh.
- (IV) Ní raibh 4 chás in ann dul chun cinn a dhéanamh go dtí seo toisc gur theip ar ghearánaigh faisnéis bhreise a iarradh a sholáthar ar feadh níos mó ná 6 mhí. Cuirfear tús lena n-imscrúdú arís má sholáthraítear, agus cathain a sholáthrófar, an fhaisnéis a iarrtar.
- (V) Measadh 1 ghearán a atreoraíodh go díreach, ó iarchomhalta, a bheith neamh-inghlactha agus dá bhrí sin ní dhearnadh aon imscrúdú.
- (VI) Tugadh 19 cás gníomhach anonn go 2026.

Bhí na 19 n-imscrúdú gníomhach a tugadh anonn ó 2025 go 2026 comhdhéanta den chuid is mó de na cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig an OÓÉ sa ráithe dheireanach de 2025. Tugadh 8 gcinn chun críche faoi dheireadh mhí an Mhárta 2026, tharraing na gearánaigh siar 2 cheann díobh agus táthar ag súil go mbeidh formhór an chuid eile críochnaithe faoi mhí na Bealtaine 2026.

Cásanna de réir Formaíochta Míleata

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar líon na gcásanna inar eisíodh Tuarascálacha do phearsanra i ngach Formaíocht Mhíleata, agus ina theannta sin iad siúd a eisíodh chuig Comhaltaí ar Scor.

An tArm	An tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Comhaltaí ar Scor
11	19	1	1

Cineál na gCásanna

Rinneadh cineál agus ábhar na 52 cás nua-atreoraithe (45 cás a atreoraíodh go díreach & 7 fógra gearáin) a imscrúdaigh an OÓÉ le linn 2025 rud a d'fhág gur eisíodh Tuarascáil Imscrúdaithe, a cuireadh ar aghaidh faoi na catagóirí eisiúna leathana seo a leanas –

Scaoileadh	Ardú Céime	Cúrsa	Bulaíocht	Saincheisteanna Idirphearsanta	Dualgais	AF667/ AF43A	Teip ag Óglaigh na hÉireann gearán a chur ar aghaidh chuig OÓÉ laistigh d'am	Leighis
2	8	10	3	5	2	5	2	2

Liúntais / Íocaíochtaí	Thar Lear	Gealltanais	Saoire	Saincheist Dlíne	Tuarascáil OIM Cinneadh an Cheann Foirne	Imscrúdú ag na Póilíní Míleata	Comhionannas Agus Cothroime
4	2	1	1	1	2	1	1

(D'fhéadfadh gearáin a thagann faoi níos mó ná ceann amháin de na catagóirí atá liostaithe thuas a bheith san áireamh i roinnt cásanna aonair).

Tuarascálacha a eisíodh do mhná:	2
Tuarascálacha a eisíodh d'fhir:	30
Tuarascálacha a eisíodh d'Oifigigh:	7
Tuarascálacha a eisíodh do Shaighdiúirí Singile/ONC:	24
Tuarascálacha a eisíodh do Phearsanra ar Scor:	1

Torthaí na nImscrúduithe

Seasadh leis an ngearán nó sheas OÓÉ i bpáirt leis*	Gearáin nár sheas OÓÉ leo**
8	24

* Is gearáin iad gearáin a seasadh go páirteach leo, nár sheas OÓÉ le cás an Ghearánaí ina iomláine.

** Áirítear leis seo gearáin lasmuigh de théarmaí tagartha OÓÉ.

Rinneadh 12 Mholadh san iomlán don Aire in 2025. Thug an tAire freagra ar chúig cinn de na Tuarascálacha a eisíodh in 2025. Ghlac an tAire le 2 cheann de na Moltaí a rinneadh agus ghlac sé le torthaí uile an OÓÉ.

Líon na Moltaí a Ghlac an tAire leo (suas go dtí deireadh 2025)	Líon na Moltaí nár ghlac an tAire leo (suas go dtí deireadh 2025)
2	0

Fonótaí:

1. Ní gá go ndéanfaí moltaí i ngach Tuarascáil ó OÓÉ. Déanann an OÓÉ ‘tátail’ nó sroicheann sé ‘conclúidí’ i mbeagnach gach Tuarascáil, áfach.
2. D’fhéadfaí níos mó ná Moladh amháin a dhéanamh i dTuarascáil OÓÉ. D’fhéadfadh OÓÉ Moladh a chur san áireamh ina Thuarascáil imscrúdaithe. Cuirtear moltaí faoi bhráid an Aire Cosanta agus is féidir leis glacadh leo nó diúltú dóibh.
3. Go hiondúil bíonn moill shuntasach, ar chúiseanna éagsúla, le fógra a thabhairt do OÓÉ go nglacann an tAire le Moladh nó go ndiúltoídh sé dó, agus mar sin ní bheidh méid na nglacadh/ diúltaithe ó Mholtaí a dhéantar i mbliain ar leith soiléir go hiomlán faoi dháta foilsithe na Tuarascála Bliantúla don bhliain áirithe sin. Toisc go mbeidh ar an Aire de ghnáth dul i dteagmháil leis an gCeann Foirne, agus b’fhéidir le gníomhaireachtaí eile, roimh chinneadh a dhéanamh glacadh le nó diúltú do Mholadh, ní gnách go ndéanfar cinneadh láithreach, agus cuirfear an cinneadh sin in iúl do m’oifig. Is é an meán-am a thógtar ar an Aire freagra a thabhairt lena cinneadh ná thart ar 3 go 4 mhí. Tá sé seo i bhfad níos tapúla ná mar a bhí roimh-2020. Mar sin féin, ar an gcúpla ócáid sin ina bhfuil méid suntasach práinne le cinneadh Molta d’fhreagair an tAire gan mhoill.





“

D'fhreagair an tAire cúig cinn de na Tuarascálacha a eisíodh in 2025. Ghlac an tAire le dhá cheann de na Moltaí a rinneadh agus ghlac sé le gach ceann de thorthaí an ODF.

4 Achoimre ar Chásanna 2025

Réamhrá

Sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil cuirtear faisnéis ar fáil faoi rogha gearán a imscrúdáíodh in 2025. Leasaíodh nó athraíodh roinnt eolais chúlra chun céannacht na ngearánach agus na ndaoine a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith a chosaint.

Is minic gur tasc thar a bheith deacair é an cúram is gá, ar thaobh amháin, achoimre réasúnta cuimsitheach a sholáthar agus cuntas a thabhairt ar thorthaí a rinneadh, agus, ar an taobh eile, céannachtaí gach duine lena mbaineann a chosaint. Fiú le tréaniarracht, tá seans maith ann go mbeidh a fhios ag roinnt comhghleacaithe cé hiad na daoine atá ag gearáin agus daoine eile a bhfuil baint acu leis an ngearán, de bharr fíricí faoi leith a nochtar san achoimre. Ba cheart a chur leis, áfach, nach bhfuair an oifig seo aon ghearán go dtí seo ó dhaoine aonair maidir le nochtadh faisnéise a d'fhéadfadh a bheith inaitheanta le blianta beaga anuas.

Tá sé an-tábhachtach go gcosnaítear rúndacht na ngearán, na ngearánaithe agus daoine eile a ainmnítear maidir le gearáin, mar má sháraítear rúndacht, baintear an bonn ón bpróiseas imscrúdaithe gearán.

Chun tuilleadh feabhais a chur ar an méid rúndachta atá cuí agus riachtanach, agus a bhfuiltear ag súil leis ón bpróiseas imscrúdaithe gearáin, díreofar sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil ar chonclúidí agus ar thorthaí i rogha cásanna, seachas díriú go míchuí ar a gcuid fíricí. Leis seo, léireofar an éagsúlacht atá ann maidir le cúiseanna gearán a thagann chun cinn in aon bhliain faoi leith, mar aon le torthaí na gcásanna sin.

Mar a luadh níos luaithe, glactar an-chúram chun céannacht dhaoine aonair atá le feiceáil i ngearáin aonair a sheachaint. Mar sin, d'fhéadfaí ainmneacha, dátaí, suíomhanna a fhágáil ar lár nó a athrú mar aon le haon eolas eile a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a aithint.





Is minic a bhíonn an tasc riachtanach, ar lámh amháin, achoimre agus cuntas réasúnta cuimsitheach a thabhairt ar na torthaí a aimsíodh, agus, ar an lámh eile, céannachtaí na ndaoine lena mbaineann a chosaint, thar a bheith deacair.

I. Gearán a Bhaineann le Teagmhas Thar Lear

- Chuir an gearánach isteach gearán Alt 114/ Caibidil 2/A7 maidir le himscrúdú inmheánach ag Óglaigh na hÉireann i ndáil le heachtra a tharla agus é ag fónamh thar lear.
- Tháinig an t-imscrúdú inmheánach chun críche go cuí, ach bhí an gearánach míshásta lena thoradh, agus d'iarr sé air é a atreorú chuig an OÓÉ lena imscrúdú. Rinneadh an iarratas seo laistigh de na tréimhsí teorann 12-mhí chun gearán a chur ar aghaidh chuig an OÓÉ mar a fhoráiltear in Alt 6(3) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.
- Ar an drochuair, mar gheall ar neamhaire, nó earráid dhaonna, níor atreoraíodh an gearán chuig an OÓÉ. Níor aimsíodh an mhainneachtain seo an gearán a chur ar aghaidh chuig m'oifig go dtí 2024 tar éis don ghearánach fiosrúchán a dhéanamh maidir le toradh an imscrúdaithe chuig m'oifig. Faoin am sin, bhí na tréimhsí teorann 12-mhí dá bhforáiltear in Alt 6(3) d'Acht 2004 imithe in éag i bhfad ó shin.
- Ní fhoráiltear le hAcht 2004 do shíneadh a chur leis na tréimhsí teorann in imthosca ar bith, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta go dlíthiúil imscrúdú a dhéanamh ar a ghearán bunaidh ag m'oifig. Mar sin féin, chuir an gearánach a ghearán faoi neamh-atreorú a ghearáin bhunaidh chuig m'oifig in 2024, agus laistigh den teorainn 12-mhí chun é sin a dhéanamh, arna thomhas ón dáta ar tháinig sé ar an eolas faoi.
- Cé, ar na cúiseanna a míníodh thuas, nach raibh an OÓÉ in ann an gearán bunaidh a imscrúdú, agus gur feasach dó nach leagann aon mhilleán leis an ngearánach as an earráid a tharla, rinne an OÓÉ an Moladh seo a leanas chuig an Aire Cosanta: -
"Molaim go n-ordófaí d'oifigeach athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise ag an Oifigeach Imscrúdaithe ina Thuarascáil an 12 Meán Fómhair 2019. Ba cheart go n-áireofaí san athbhreithniú seo agallaimh nuashonraithe ar fhinnéithe ábhartha má mheasann an t-oifigeach imscrúdaithe iad a bheith cuí "



II. Gearán a Bhaineann le Saincheist Ardú Céime

- D’ullmhaigh an gearánach 2 Léiriú Spéise maidir le 2 fholúntas shinsearacha ONC le haghaidh próiseáil agus a chur ar aghaidh chuig údarás sinsearach.
- Rinne comhalta foirne den Seomra Ordúil botún, agus mar thoradh air sin níor cuireadh ach ceann amháin de na Léirithe Spéise ar aghaidh i gceart. Líon iarrthóir eile an folúntas gaolmhar ina dhiaidh sin. Is cinnte go mbeadh an gearánach ina iomaitheoir láidir don phost dá ndéanfaí a pháipéarachas a bhainistiú i gceart.
- D’admhaigh comhalta foirne an tSeomra Ordúil a bhí freagrach as an earráid a fhreagracht go hionraic agus ghabh sé leithscéal leis an ngearánach, a ghlac leis an dá cheann acu, agus gur tharla botún macánta.
- Rinneadh moltaí, lena n-áirítear go nginfí AF667B lena insint ina n-admhaítear:
“...gur chuir an gearánaí isteach ar an gcomórtas ardú céime de mheon macánta agus gur caitheadh go héagórach leis mar gheall ar earráid dhaonna, agus gur iompair sé é féin le bionracas ón tráth ar aithin sé an earráid go dtí próiseas an agallaimh leis an Oifigeach Imscrúdaithe. D’fhan an gearánach gairmiúil i rith an ama ar fad agus ba cheart moladh a thabhairt dó as a leithéid d’iompar.”
- Ba é cuspóir na gníomhaíochta sin a chinntiú go mbeadh taifead buan ann ar na himeachtaí a tharla, agus béim a chur ar an bhfíric gur iompair an gearánaí é féin go han-onórach i gcúinsí deacra.



D’ullmhaigh an gearánach 2 Léiriú Suime (EOI) maidir le 2 fholúntas ONC sinsearacha lena bpróiseáil ar aghaidh agus lena dtarchur chuig an údarás sinsearach.



III. Gearán a bhaineann le Roghnúchán Cúrsaí

- D’eascair an gearán (Oifigeach) seo as an díroghnú ó Chúrsa áirithe a bheith roghnaithe don Chúrsa 2 sheachtain roimhe sin. Mhol a OC an gearánach don chúrsa 7 mí roimhe sin.
- Bhí OC an ghearánaigh tar éis é a mholadh don Chúrsa, ach ansin, ina dhiaidh sin, míonna ní ba dhéanaí, chinn an OC an moladh sin a tharraingt siar, agus dá bhrí sin gur tharla an díroghnú.
- Sholáthair OC an ghearánaigh na cúiseanna seo leis an gcinneadh a mholadh a tharraingt siar, is é sin: -
 - * Chiallóidh cailteanas (an gearánach) go mbeadh na leibhéil foirne d’oifigigh san aonad go mór faoi lag-neart. (Cuireadh figiúirí sonracha ar fáil mar thaca leis an ráiteas seo.
 - * Ciallóidh cailteanas (an ghearánaigh) laghdú tromchúiseach ar mhaoirseacht agus rialachas agus riosca méadaithe san Aonad.
- Tar éis breithniú a dhéanamh ar gach gné den ghearán, tháinig an OÓÉ ar na conclúidí seo a leanas: -
 - (i) “Tar éis dom an ráiteas a chuir an Lt Cor (X) ar fáil a bhreithniú, agus go háirithe, na cúiseanna a leag sé amach as a mholadh níos luaithe maidir

le roghnú an ghearánaigh a tharraingt siar sa (Chúrsa), táim sásta go raibh a chinneadh bunaithe ar fhaisnéis agus fíricí a dhearbhaigh go raibh gá le bearta radacacha chun déileáil le lagneart ina Aonad, agus a mbeadh deacrachtaí suntasacha oibríochta mar thoradh air, mura ndíreofaí air, sa tréimhse amach romhainn. Dá bhrí sin, glacadh cinneadh an Lt Cor (X) de réir a fhreagrachtaí mar OC, agus bhí sé oiriúnach. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios gur mailís, claontacht, fabharachas, nó cúis mhíchúí eile a spreag cinneadh an Lt Cor (X), ná níor cuireadh a leithéid ina leith.”

- (ii) “Is é an t-aon cháineadh atá déanta agam ar na himeachtaí seo ná an mhoill shuntasach idir moladh an ghearánaigh don (Chúrsa), agus an cinneadh an moladh sin a tharraingt siar – tréimhse beagnach 7 mí – i gcúinsí ina mbeadh, nó inar cheart go mbeadh, easpa neart leordhóthanach an Aonaid infhionnta i bhfad níos luaithe, agus air sin d’fhéadfaí na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an cheist seo a bhainistiú ag céim níos luaithe agus ar an gcaoi sin cead a thabhairt don ghearánach a ghairm a bhainistiú dá réir, lena n-áirítear leas a bhaint as deiseanna malartacha.”



IV. Gearán a bhaineann le Gearán a bhaineann le hIarratas ar Shos Gairme

- Bhí an gearánach ina oifigeach sóisearach in ÓÉ.
- Diúltaíodh ceadú dó le haghaidh sos gairme 12-mhí (tréimhse saoire speisialta gan phá agus liúntais) chun é féin agus a pháirtí (ar thug a fostóir sos gairme di) a chumasú chun cónaí agus oibriú i dtír eile.
- Bhí sos gairme 2-bhliain á lorg ag an ngearánach ar dtús. Bhí sé seo diúltaithe mar gheall ar a fhad, agus bhí sé molta dó ag leibhéal sinsearach go mbeadh seans níos fearr go n-éireodh le hiarratas ar shos gairme ar feadh tréimhse níos giorra. Rinne an gearánach iarratas cuí i leith tréimhse 12 mhí.
- Níor mhol Oifigeach Ginearálta i gCeannas an ghearánaigh an t-iarratas ar shos gairme agus níor cheadaigh Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht é. Ba é an chúis nár ceadaíodh é ag an DCOS (Sp) Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht ná gur theip na ceanglais maidir le sos gairme a chomhlíonadh de réir Threoir Riaracháin A 11.
- Faoin gceannnteideal “Beidh incháilitheacht do shosanna gairme mar a leanas”, foráiltear i mír 422(f) de Threoir Riaracháin A.11: -

“(3) ... i gcás oifigeach, tá an scéim dírithe go príomha ar chaptaein shinsearacha agus ar cheannasaigh, agus féadfaidh gach oifigeach den Bhuanfhórsa Cosanta a bhfuil 12 bhliain de sheirbhís mhíleata críochnaithe acu iarratas a dhéanamh ar shos gairme. I gcúinsí eisceachtúla féadfar sos gairme a bhronnadh ar oifigeach a bhfuil níos lú ná 12 bhliain seirbhíse aige/aici, de rogha DCOS (Sp)”,

agus

“(4) Ní rachaidh fad an tsosa gairme thar an aois scoir íosta atá forordaithe do chéim an iarratasóra.”

Déantar foráil i mír 422(g) mar a leanas maidir le haon dliteanas gan íoc faoi ghealltanais don Roinn Cosanta i ndáil le sos gairme: -

“(1) Ní rachaidh dliteanas airgeadais comhalta, más ann, a dhéanfaidh iarratas ar shos gairme chuig an Roinn Cosanta thar mhéid na haisce, ab iomchuí dá sheirbhís nó dá seirbhís an tráth sin faoi scéimeanna pinsin Óglaigh na hÉireann.

(2) Beidh bronnadh sosa gairme do chomhalta a bhfuil dliteanas airgeadais air nó uirthi i leith na Roinne Cosanta faoi réir a thoilithe nó a toilithe le hasbhaint den mhéid a bheidh dlite as an aisce sin dá ndéanfaí é nó í a urscaoileadh as an mBuanfhórsa Cosanta, dá scoirfeadh sé nó sí nó dá n-éireodh sé nó sí as an mBuanfhórsa Cosanta nó dá n-éireodh sé nó sí as an mBuanfhórsa Cosanta le linn thréimhse an tsosa ghairme.”

(Sa chás seo, níor shainaithin DCOS (Sp) go raibh dliteanas beag faoi ghealltanais ann mar chúis leis an neamhceadú).

- Níor sheas an OÓÉ leis an ngearán mar gheall ar an gconclúid a bhain mé as nach raibh “cúinsí eisceachtúla” ann chun údar a thabhairt le sos gairme a cheadú sa chás seo.

Luaigh an OÓÉ mar a leanas: -

“An rud is ionann agus “cúinsí eisceachtúla” a thugann údar leis an riachtanas ginearálta go mbeadh 12 bliain seirbhíse míleata ag Oifigeach sula lorgóidh sé/sí sos gairme, athróidh sé ó chás go cás, agus is ceist í, sa deireadh thiar, do DCOS (Sp) sa chás seo. Is faoi féin atá sé an breithiúnas riachtanach a dhéanamh i dtaobh an ann do “cúinsí eisceachtúla”, cé go gcaithfidh sé gníomhú go cothrom agus go réasúnta agus é ag déanamh amhlaidh, agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais oibríochtúla dhóchúlaithe an ÓÉ thar an tréimhse 12 mhí ábhartha, agus deacrachtaí míleata maidir le pearsanra a choinneáil agus a earcú in ÓÉ, agus a bhfuil aithne mhaith orthu.”

V. Gearán a bhaineann le hIarratas ar Ardú Céime bunaithe ar Fhiúntas

- D'eascair an gearán seo as diúltú ardú céime bunaithe ar fhiúntas a thabhairt do Cpl go Sgt de réir mhír 42, Cuid 11, DFR A.10, ina bhforáiltear mar a leanas: -

“Féadfár Ceannaire ... a ardú go céim Sáirsinte mar gheall ar sheirbhís fhiúntach nó iompar oirirc.”

- Bhí gairmréim fhada de sheirbhís eiseamláireach ag an iarratasóir Cpl sa chás seo.
- I ndeireadh na dála, d'ainneoin thacaíocht a GOC (Oifigeach Ginearálta i gCeannas), diúltaíodh don iarratas ar ar ardú céime bunaithe ar fhiúntas toisc nach bhféadfadh an t-iarratasóir na critéir a chomhlíonadh chun Folúntas Sáirsinte sainaitheanta a líonadh.
- Le linn m'fhiosrúcháin rinne an OÓÉ cumarsáid leis an Cft O'Sullivan, OíC EPMO, agus, mar fhreagra ar iarratas ar na critéir le haghaidh ardú céime bunaithe ar fhiúntas i gcleachtas, ag féachaint don fhíric nach bhfuil aon chritéir curtha ar fáil in DFR A.10, thug an Cft O'Sullivan le fios don OÓÉ gur cloíodh leis na treoirlínte seo a leanas agus gur cuireadh i bhfeidhm iad maidir le hiarratais ar ardú céime bunaithe ar fhiúntas: -

“Mar a leagadh amach roimhe seo, i gcomhréir leis an Rialachán is infheidhme (DFR A10), níl aon chritéir shonracha, shaintreoracha ann lena rialaítear ardú céime bunaithe ar fhiúntas. Tugann an rialachán an t-údarás don DCOS (Sp) cinneadh den sórt sin a dhéanamh bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus discréd.

Dá bhrí sin, déantar gach iarratas a mheasúnú le haghaidh seirbhís bunaithe ar fhiúntas ar bhonn cás ar chás, agus ní mór a mheas go bhfuil sé sách

láidir ardú céime a thabhairt, arb é an éifeacht phraiticiúil atá leis ná go mbeidh ceapachán ag céim níos airde ag duine aonair neamhcháilithe.

Cé nach bhforordaítear aon chritéir fhoirmiúla, féadfaidh DCOS (Sp) raon tosca a mheas, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) Líon, cineál agus cáilíocht na dteistiméireachtaí. Is iondúil go mbeidh go leor teistiméireachtaí ag iarratais rathúla a thugann fianaise do sheirbhís bunaithe ar fhiúntas nó d'iompar oirirc.

(b) Cáilíocht agus raon taithí míleata sa bhaile agus thar lear, chun fianaise ar sheirbhís de bheis ar éilimh seirbhíse rialta a áireamh.

(c) Fianaise ar inniúlachtaí ceannaireachta. Cuirtear fianaise ar iompar ceannaireachta san áireamh a d'fhéadfadh cumas ról ceannaireachta sóisearach a chomhlíonadh maidir le hardú céime a léiriú.

(d) Tréimhsí a bhaineann le gníomhú nó le cur in ionad na céime is airde.

(e) Éachtaí oiliúna agus oideachais.

(f) Taifid araíonachta agus rátáil iompair.

(g) Folúntas. Ní mór folúntas ag an gcéim agus an sruth cuí (CCR609) a bheith ann. Tugtar aitheantas freisin d'iarrachtaí atá déanta cheana féin an folúntas atá beartaithe a líonadh le duine cáilithe agus an dóchúlacht go dtiocfaidh pearsanra cáilithe ar fáil go luath amach anseo.

(h) De réir na hIonstraime Riaracháin Cuid 10, mír 305, breithnítear “an moladh is gá a dhéanamh do DCOS (Sp) in am trátha sula scoirfidh an comhalta chun a chumasú dó leas a bhaint as an ráta is airde pinsin agus aisce is iomchuí do chéim Cheannaire”. I gcás saighdiúirí de chéim Saighdiúra Shingil nach bhfuil aon taithí acu roimh ré ar Chéim Cheannaire Ghníomhach, is éard atá i gceist leis seo ardú céime bliain amháin (1) roimh scor an chomhalta atá i gceist. Dá bhrí sin, bheadh sé stuama scrúdú a dhéanamh ar an am atá fágtha go dtí aois scoir éigeantach an duine aonair agus conas a d'fhéadfadh sé seo difear a dhéanamh don fhad a d'fhéadfadh folúntas fanacht ‘blocáilte’ go héifeachtach.

Cé go bhfuil an cinneadh chun ardú céime bunaithe ar fhiúntas a bhronnadh lánroghnach go bunúsach, is dócha go gcuirfear na tosca sin san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar an cinneadh ar bhealach atá trédhearcach, neamhchlaonta agus ailínithe le leasanna oibríochtúla níos leithne na hEagraíochta.

Bhí ceapachán DCOS (Sp) folamh i rith R1 agus R2 de 2025. Mar thoradh air sin, ní dhearnadh aon chinntí maidir le harduithe céime bunaithe ar fhiúntas le linn na tréimhse sin. Dá réir sin, bhí roinnt cinntí fós ar feitheamh go dtí gur ceapadh an DCOS (Sp) nua. Chun é seo a chur san áireamh, clúdaíonn na sonraí a chuirtear ar fáil thíos tréimhse le 24 mí anuas, seachas na 6 mhí is déanaí amháin.

BLIAIN	CÉIM	Líon Arduithe Céime Bunaithe ar Fhiúntas
2024	CPL-SGT	3
2024	PTE- CPL	14
IOMLÁN 2024		17
2025	CPL-SGT	2
2025	PTE – CPL	7
IOMLÁN 2025		9

- Léirigh an Cft X cúiseanna sonracha leis an gcinneadh gan an t-iarratas seo ar ardú céime ar fhiúntas a cheadú, agus aird á tabhairt ar na critéir a bhí riachtanach chun an folúntas sonracha a aithníodh a líonadh. (Coinnítear siar iad seo ón achoimre seo chun céannacht an ghearánaigh a chosaint.)
- Níor seasadh leis an ngearán seo.



Ag deireadh thiar thall, in ainneoin thacaíocht a GOC, diúltaíodh don iarratas ar ardú céime bunaithe ar ghaisce mar nach raibh an t-iarratasóir in ann na critéir chun a bheith ceaptha do Fholúntas Sáirsint aitheanta a chomhlíonadh.

VI. Gearán a bhaineann le soláthar AF667B do phearsanra

- D'eascair an gearán seo as iarratas nár éirigh leis ar ardú céime chuig céim NCO, agus as an teip cóip dá AF667B a chur ar fáil don iarratasóir ina raibh na cúiseanna lena theip leagtha amach.

- Rinne an OÓÉ roinnt torthaí agus barúlacha ina Thuarascáil Imscrúdaithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: -

- (i) Glacaim le seasamh an ghearánaigh gur cheart dó cóip fhisiciúil den AF667B a bheith faighte aige, nó, ar a laghad, ráiteas i scríbhinn ina leagtar amach na cúiseanna nár moladh é le haghaidh ardú céime. Tugaim faoi deara nach gceanglaítear le hIonstraim Riaracháin 1/96 go soláthrófar cóip fhisiciúil de AF667B don duine aonair lena mbaineann. Cuireann AF667B (nó cuntas scríofa eile ar chúiseanna) ar chumas/feidhmíonn sé mar “mheabhrán cuidithe” ar mhaithe le hachomharc a ullmhú. Ní ghlacaim, áfach, leis gur dhiúltaigh an teip cóip den AF667B a chur ar fáil don ghearánach ar an ócáid seo an deis dó achomharc a dhéanamh, ós rud é go bhfuilim den tuairim láidir go raibh an gearánach, i gcoitinne, ar an eolas faoi na cúiseanna sin, agus gur tugadh deis dó iad a phlé go mion lena (OC).”

- (ii) “Soláthraíonn Iarscríbhinn D (den Chaibidil. 13 Ionstraim Riaracháin 1/96) treoracha agus treoirlínte maidir le tiomsú AF667B. Liostaítear ann na himthosca ina bhféadfar cur i gcrích AF667B a úsáid, lena n-áirítear imeacht an oifigigh tuairiscithe, Dualgas Speisialta Nascáin ar feadh 91 lá, Cúinsí Eisceachtúla agus NODAIREACHT CHOMHAID. Is í an chatagóir úsáideora dheiridh seo a bhaineann le AF667B an OC dar dáta (bán).”

- (iii) “Is féidir 3 chuid a bheith ag an AF667B. Cuimsíonn CUID A hAON faisnéis a shainaithníonn an NCO nó an Saighdiúir lena mbaineann, an Tuairisc (is é sin an t-ábhar tuairiscithe), agus síniú agus sonraí an oifigigh tuairiscithe. Cuid a DÓ is ea na measúnuithe mionsonraithe a éascú (agus is

gá iad a chomhlánú i leith ONC ar nascán nó ar Dualgas Speisialta amháin). Éascaíonn Cuid a TRÍ an t-ábhar ONC nó taifeadann sé/sí a c(h)uid tuairimí agus síniú féin go príobháideach.”

- (iv) “Sa chás seo níor ghá ach Cuid a HAON a chomhlánú agus a shíniú ag an CO, mar a rinneadh. Ní raibh aon cheanglas ann cead a thabhairt don ghearánach a chuid tuairimí a chur san áireamh. Sa chás seo, bhí sé de fhreagracht ar an CO socrú a dhéanamh go gcuirfí an AF667B ar chomhad pearsanta an ghearánaigh, rud a rinneadh.

- Ní raibh aon cheanglas faoi IARSCRÍBHINN D go gcuirfeadh CO cóip den AF667B ar fáil don ghearánach.”

- (v) “Mar sin féin, d’ainneoin nach raibh sé éigeantach cóip den AF667B a sholáthar don ghearánach, is é mo thuairim dhaingean gur chóir an cleachtas seo a athrú, agus, amach anseo, gur cheart cóip de AF667B a sholáthar i gcónaí don ONC nó don Saighdiúir Singil tráth na paráide, nó a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin.

Is taifead pearsanta tábhachtach é an AF667B mar go gcuimsíonn sé faisnéis a d’fhéadfadh a bheith ríthábhachtach don duine aonair, lena n-áirítear faisnéis a d’fhéadfadh a bheith riachtanach nó cabhrach chun achomharc a cheapadh, cé go bhfuil mo chreideamh tugtha agam cheana féin sa chás áirithe seo gur chuir an CO dóthain faisnéise ar fáil don ghearánach ó bhéal chun achomharc i gcoinne an neamh-mholta le haghaidh ardú céime a éascú.”

Rinne an ODF an Moladh seo a leanas: -

“Molaim gur cheart cóip fhisiciúil de AF667B a chur ar fáil i gcónaí (tráth an fhógra nó a luaithe is praiticiúil ina dhiaidh sin) don ONC nó don Saighdiúir Singil, agus go ndéanfar céimeanna chun Iarscríbhinn D de Chaibidil 13 d’Ionstraim Riaracháin 1/96 a leasú dá réir sin.”



D'eascair an gearán seo as iarratas ar ardú céime chuig ONC nár éirigh leis, agus an mainneachtain cóip dá AF667B a sholáthar don iarratasóir ag lua cúiseanna a easpa ratha.

5 Gnóthaí Corparáideacha

Soláthar foirne

Seo a leanas foireann OÓÉ:

- David O'Connor, Ceann Oifige.
- Lorraine O'Dwyer, Cásbhainisteoir.
- John Sheridan, Oifigeach Feidhmiúcháin.

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Cosúil le hOifigí eile a fhaigheann maoiniú poiblí, rinne an OÓÉ athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Cuirtear an t-athbhreithniú seo ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar chuid dá n-íniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais an OÓÉ. Tá córas buiséadach cuimsitheach i bhfeidhm agus déantar treochtaí caiteachais a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil i gcomhar le cuntasóirí seachtracha an OÓÉ.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an OÓÉ cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go gcuirtear forálacha rúndachta faisnéise i bhfeidhm ar an OÓÉ faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 mar a leanas:

10.—(1) An tOmbudsman nó ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdúcháin) aon ní a nochtadh faisnéis,

doiciméad, cuid de dhoiciméad nó rud a fhaigheann an tOmbudsman nó oifigeach imscrúdaithe i gcúrsa, nó thar ceann an chun críche réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo ach amháin chun críocha an—faisnéis, doiciméad, cuid de dhoiciméad nó rud a fhaigheann An tOmbudsman nó oifigeach imscrúdaithe i gcúrsa, nó thar ceann an chun críche réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo ach amháin chun críocha an—

- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
- (b) aon ráiteas a dhéanamh, de réir an Achta seo, tuarascáil nó fógra faoin réamhscrúdú sin nó an t-imscrúdú sin, nó
- (c) imeachtaí i leith ciona faoin Acht um Rúin Oifigiúla 1963 a líomhnaítear a bheith déanta i leith faisnéis nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó rud faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.

- (2) Ní iarrfar ar an Ombudsman nó ar bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdúcháin) fianaise a thabhairt fianaise in aon imeachtaí, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) (c), i dtaobh nithe a thagann ar eolas aige nó aici le linn réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo.





Cosúil le hOifigí eile atá maoinithe go poiblí, rinne an ODF athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Cuirtear an t-athbhreithniú seo faoi bhráid ab Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar chuid dá n-íniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais an ODF.





- (3) (a) Féadfaidh an tAire fógra i scríbhinn a thabhairt don Ombudsman, maidir le haon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud a shonraítear san fhógra, nó aon aicme de dhoiciméad, mar chuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud mar sin sonraithe, go bhfuil, i dtuairim an Aire, an nochtadh (seachas don Ombudsman nó do chomhalta dá chuid nó a foireann lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) de sin doiciméad, an chuid sin de dhoiciméad, an fhaisnéis sin nó an rud sin nó de dhoiciméid, codanna de dhoiciméad, faisnéis nó rudaí den aicme sin, bheadh, ar na cúiseanna sonraithe san fhógra, dochar a dhéanamh do leas an phobail nó le slándáil.
- (b) I gcás ina dtabharfar fógra faoin bhfo-alt seo, ní bheidh aon ní a fhorléireofar san Acht seo mar ní a údaraíonn nó a éilíonn an tOmbudsman chun cumarsáid a dhéanamh le haon duine nó le haon duine chun críche aon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó an rud a shonraítear san fhógra nó in aon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud d'aicme a shonraítear amhlaidh.
- (4) I gcás ina dtabharfar fógra faoi fho-alt (3) (a), ní nochtfaidh an tOmbudsman ná comhalta d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon—
- (a) doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud sonraithe san fhógra, nó
- (b) aicme doiciméid, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud a shonraítear san fhógra, le haon duine nó chun aon chríche agus ní bheidh aon ní a fhorléiriú san Acht seo mar ní a údaraíonn nó a éilíonn an tOmbudsman nó comhalta d'fhoireann an Ombudsman (oifigeach imscrúdaithe san áireamh) lena n-áirítear aon ní dá dtagraítear in a nochtadh d'aon duine nó chun aon chríche alt (a) nó (b).

Comhairle Bharra na hÉireann

Tá an OÓÉ cláraithe faoin Scéim um Rochtain Ghairmiúil Dhíreach de chuid Chomhairle Bharra na hÉireann. Úsáideann an OÓÉ seirbhísí abhcóidí chun comhaid chás a athbhreithniú i gcúinsí cuí.

Sláinte & Sábháilteacht

Tá Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag OÓÉ.

Saoráil Faisnéise

Faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 tá sé de cheart ag daoine aonair:

- Teach ar thaifid atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear an OÓÉ;
- Iarratas ar cheartú faisnéise pearsanta a bhaineann le duine atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear an OÓÉ, i gcás ina bhfuil sé míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- Cúiseanna a fháil le cinneadh a rinne Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear an OÓÉ, i gcás ina ndéanann an cinneadh difear do dhuine aonair.

